An Roinn Oideachais agus Scileanna

Cigireacht Ábhair ar: GAEILGE TUAIRISC

Patrician High School
Carraig Mhachaire Rois, Contae Mhuineacháin
Uimhir Rolla: 64750G

Dáta na cigireachta: 30 Márta 2012

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS

TUAIRISC
AR
CHÁILÍOCHT NA FOGHLAMA AGUS AN TEAGAISC SA GHAEILGE

EOLAS MAIDIR LEIS AN GCIGIREACHT

Dátaí na cigireachta	29, 30 Márta 2012
Na gníomhaíochtaí cigireachta ar tugadh fúthu • Athbhreithniú ar cháipéisí ábhartha • Plé leis an bpríomhoide agus leis na múinteoirí • Caidreamh le scoláirí	• Breathnú ar theagasc agus ar fhoghlaim i rith seacht dtréimhse ranga • Athbhreithniú ar obair na scoláirí • Aiseolas don phríomhoide agus do na múinteoirí

PRÍOMHCHINNTÍ

- Bhí cáilíocht an teagaisc agus na foghlama go maith i mbreis agus leath na gceachtanna agus bhí atmaisféar an tseomra ranga dearfach don chuid ba mhó.
- Bhí úsáid acmhainní dílse leictreonacha go maith i gceachtanna áirithe a thug taithí ar an teanga á labhairt ar ghnáthluas ar chláir TG4.
- Bhí fianaise ar réamhullmhúchán fónta do na ceachtanna ach b'annamh a bhí torthaí na foghlama a rabhthas ag súil leo sa cheacht á gcur in iúl go soiléir do na scoláirí neamhspleách ar ábhar an cheachta.
- I ngeall ar thosca gan choinne, bhí triúr múinteoirí ionaid ag feidhmiú tráth na cigireachta, múinteoir gan cháilíocht san ábhar ina measc.
- Ba lú ná ceithre faoin gcéad riar na scoláirí a bhfuil díolúine ón nGaeilge acu.
- Réimse chun forbartha is ea plean an ábhair.

PRÍOMH-MHOLTAÍ

- Ba chóir spriocanna foghlama an cheachta a shainaithint go soiléir ó ábhar an cheachta agus go dtuigfeadh na foghlaimeoirí iad sin go soiléir ón tús.
- Moltar díriú níos mó sa seomra ranga ar chumas na scoláirí chun iad féin a chur in iúl sa teanga labhartha agus riar comónta marcanna a bhronnadh sna scrúduithe tí ar inniúlacht i labhairt na Gaeilge.
- Moltar úsáid an aistriúcháin sa cheacht agus sna cóipleabhair a chiorrú i bhfabhar na sprioctheanga.
- Moltar plean ábhair a chomhaontú in iarracht le rátaí rannpháirtíochta an ardleibhéil a ardú de réir a chéile. Tá anailís ar ghnóthachtáil san ábhar tábhachtach.

RÉAMHRÁ

Meánscoil dheonach do bhuachaillí is ea Ardscoil Phádraig mar a bhfuil 428 scoláire cláraithe faoi láthair. Is iad an Teastas Sóisearach, an Idirbhliain atá mar chlár roghnach, Clár Gairme na hArdteistiméireachta agus an Ardteistiméireacht bhunaithe na cláir atá ar fáil. Tá líon na scoláirí a bhfuil díolúine ón nGaeilge acu an-íseal. Tá ceathrar múinteoirí Gaeilge ar an bhfoireann.

TEAGASC AGUS FOGHLAIM

- Bhí cáilíocht an teagaisc go maith i mbreis agus leath na gceachtanna a breathnaíodh ach réimse chun forbartha is ea deimhin a dhéanamh de go mbaintear amach spriocanna foghlama cuí in imeacht an cheachta, go háirithe i dtaca le labhairt na teanga. Ba chóir na spriocanna foghlama i gcoitinne a bheith níos sainiúla seachas mar a bhí, agus go dtuigfeadh na foghlaimeoirí iad sin go soiléir ón tús seachas dul chun cinn ginearálta a bheith mar aidhm leis an gceacht.
- Bhí dea-úsáid acmhainní digiteacha le sonrú ar cheachtanna ar leith, go háirithe i dtaca le teagmháil leis an teanga labhartha a thabhairt do na scoláirí ar mhíreanna nuachta dílse á léamh ar TG4. Ní leor áfach mar dhúshlán na briathra a aithint sa téacs.
- Ar fhianaise na gceachtanna, áirítear go raibh cáilíocht na foghlama go maith i mbreis agus a leath, ach i gcásanna eile bhí méid na foghlama teoranta go leor. An phríomhchúis a bhí leis sin ná an ról tánaisteach, seachas gníomhach, a bhí ag na scoláirí sa cheacht.
- Bhí fianaise ar réamhullmhúchán fónta a bheith déanta ag na múinteoirí ar fad sna pleananna ceachta agus sna dáileáin a cuireadh ar fáil ach bhí torthaí na foghlama a rabhthas ag suil leo sa cheacht á meascadh le hábhar an cheachta go minic. Ní hionann agus spriocanna foghlama an aidhm ghinearálta go mbeidh tuiscint níos fearr ag na foghlaimeoirí ar labhairt, léamh, agus scríobh na teanga mar a bhí cláraithe i gcásanna.
- Ba chóir aird níos mó a thabhairt ar chumas na scoláirí chun iad féin a chur in iúl sa teanga labhartha agus is trí chleachtadh agus cúnamh a thabhairt dóibh ar labhairt na teanga is fearr a bhainfear sin amach. Bhí na deiseanna a cuireadh ar fáil chuige seo teoranta.
- Is den riachtanas é go n-áirítear riachtanais fhoghlaimeoirí cumasacha chomh maith agus go gcuirtear dúshláin chuí roimh na scoláirí sin atá éagsúil ón gcuid eile. Tugadh faoi deara scoláirí de chúlra bunscolaíochta lán-Ghaeilge a raibh gá le cothú níos fearr a dhéanamh ar a gcumas Gaeilge.
- Bhí atmaisféar an tseomra ranga dearfach don chuid ba mhó agus bhí lán-chomhoibriú le fáil ag na múinteoirí le gníomhaíochtaí na foghlama.
- Bhí an sprioctheanga in uachtar ag na múinteoirí sa teagasc ach bhí cumas na scoláirí leis an sprioctheanga a ionramháil iad féin teoranta go leor. Bhí fianaise ar fáil i gcásanna ar chumas maith ag na scoláirí trí aistriúchán a dhéanamh go Gaeilge ar abairtí a tugadh dóibh i mBéarla. Cé gur fhreagair na scoláirí go maith don dúshlán seo, moltar úsáid seo an aistriúchain a chiorrú go mór agus an sprioctheanga a úsáid.
- Bhí obair na scoláirí sna cóipleabhair agus aitheantas an mhúinteora ar an obair sin go maith i gcoitinne ach i gcásanna áirithe bhí úsáid an aistriúcháin go Béarla iomarcach ar fad agus ina bhac ar cheartshealbhú na teanga.

SOLÁTHAR AN ÁBHAIR AGUS TACAÍOCHT NA SCOILE UILE

- Ábhar croíláir is ea an Ghaeilge sa scoil agus tá na scoláirí ar fad nach mór, ag déanamh staidéir uirthi; is lú ná ceithre faoin gcéad riar na scoláirí a bhfuil díolúine ón ábhar acu.
- Tá an soláthar a dhéantar ar an tráthchlár sásúil. Cúig thréimhse sa tseachtain atá ar fáil i ngach bliain seachas ceithre cinn sa chéad bhliain agus trí cinn san Idirbhliain. I ngach cás tá an dáileadh cothrom laethúil ar na ceachtanna sin go maith.
- Tá an t-ábhar ar fáil go comhuaineach ar an trathchlár i gceithre cinn de na sé bliana, rud a chinntíonn go bhfuil fáil ag na scoláirí i rith an ama ar leibhéal cuí. Tá na ranganna cumais mheasctha sa chéad bhliain agus san Idirbhliain le moladh mar shocrú.
- Tá aitheantas á thabhairt don Ghaeilge lasmuigh den seomra ranga ar nós fógraí i nGaeilge ar dhoirse oifigí áirithe. Eagraíodh cuairt Idirbhliana traschuraclaim le roinn na staire ar Pháirc an Chrócaigh le tráchtaireacht i nGaeilge. Bronnadh dearbhán airgid ar scoláirí áirithe is mó a labhair Gaeilge le linn Sheachtain na Gaeilge.
- Déantar soláthar maith don ábhar ar bhonn scoile uile. Múinteoirí atá cáilithe go cuí san ábhar atá fostaithe ag an scoil ach i ngeall ar thosca gan choinne, bhí triúr múinteoirí ionaid ag feidhmiú tráth na cigireachta, múinteoir gan cháilíocht san ábhar ina measc.
- Tá freastal déanta ag na múinteoirí Gaeilge ar imeachtaí inseirbhíse san ábhar le cúig bliana anuas.

PLEANÁIL AGUS ULLMHÚCHÁN

- Tá cúram chomhordú an ábhair á ghlacadh ag an múinteoir is sinsearaí. Moltar an cúram seo a roinnt ar bhaill uile na roinne agus go bhféachfaí le spriocanna feabhsúcháin san ábhar a bhaint amach le linn an téarma sin. Eagraítear cruinnithe san ábhar ar bhonn rialta. Ba chóir na cinnti a ghlactar a chlárú sna miontuairiscí.
- Ba chóir plean níos uaillmhianaí a leagadh amach don ábhar maidir le rátaí rannpháirtíochta ag an ardleibhéal sa Teastas Sóisearach a ardú mar chéad chéim. Ba chóir plean gníomhaíochta a fheidhmiú uaidh sin isteach san Ardteistiméireacht inarbh fhiú díriú ar na rátaí ardleibhéil agus bonnleibhéil a ardú agus a ísliú faoi seach.
- Ba chóir an t-eolas ar fad a chláraítear i bplean an ábhair a bheith cruinn agus cothrom le dáta. Tá an plean reatha 2011/12 easnamhach i gcás ainmneacha na múinteoirí, tráthchlárú an ábhair, agus cuntas ar fhorbairt ghairmiúil na múinteoirí.
- Freagraíonn foclaíocht phlean an ábhair do na siollabais focal ar fhocal geall leis, ach ba chóir é a fhorbairt agus cuntas níos soiléire a bhreacadh maidir le spriocanna foghlama san ábhar ó leibhéal go chéile agus ó bhliain go chéile.
- Ní mór plean na hIdirbhliana a fhorbairt ón mbreac-chuntas ar roinnt ábhar spéisiúil a cuireadh ar fáil agus ba chóir fráma ama agus spriocanna foghlama níos sainiúla a chlárú.
- Ba chóir cuntas a bhreacadh i bplean an ábhair faoi riar comónta marcanna a bhronnadh sna scrúduithe tí ar inniúlacht i labhairt na Gaeilge agus ba chóir cumas labhartha na teanga a roinnt le scoláirí agus le tuismitheoirí agus a shainaithint i dtuairiscí scoile.
- Ba chóir anailís ar ghnóthachtálacha na scoláirí sna scrúduithe teistiméireachta a dhéanamh. Chuirfeadh na sonraí sin le mionléiriú a thabhairt ar sheasamh an ábhair sa scoil agus le spriocanna chun feabhais a shainiú san ábhar.

Ag deireadh na meastóireachta, pléadh dréachtchinntí agus dréachtmholtaí na meastóireachta seo leis an bpríomhoide agus leis na múinteoirí ábhair. Tugadh deis do bhord bainistíochta na scoile a thuairim a léiriú ar thorthaí agus ar mholtaí na tuairisce i scríbhinn; ní bhfuarthas freagra ón mbord.

Foilsíodh: Deireadh Fómhair 2012